AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0012/2015

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

**Síneadh Breise ar an 'Tréimhse Chairde' a bhaineann le Sochair Aoisliúntais i leith Oifigigh Chléireachais agus Airígh a fostaíodh i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79, agus Oifigigh Chléireachais a fostaíodh in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978**

1. De réir ordú an Aire um Oideachas agus Scileanna, tagraím do Chiorclán 0035/2013, ina sonraítear go ríomhfar sochair aoisliúntais ball foirne a bhfuil teacht aige/aici ar scéim phinsean seirbhís phoiblí, agus a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014, nó roimhe sin, faoi threoir na scálaí pá a bhí i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh 2013. Rinneadh an 'Tréimhse Chairde' seo a shíneadh ina dhiaidh sin go 30 Meitheamh 2015, i gCiorclán 0037/2014.

2. Tá an Rialtas anois tar éis cinneadh an 'Tréimhse Chairde' a shíneadh tuilleadh agus dá bhrí sin ríomhfar sochair aoisliúntais ball foirne, ar ball é/í de scéim phinsean seirbhís phoiblí, agus a théann ar scor ar an 30 Meitheamh 2016, nó roimhe sin, faoi threoir na scálaí pá a bhí i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh 2013.

3. Tabhair do bhur n-aire go dtéann an litir chiorcláin seo in ionad Chiorclán 0037/2014.

4. Cinntigh le bhur dtoil, go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil don Bhord Bainistíochta, agus go ndíreofar aird gach Oifigeach Chléireachais agus gach Airígh a fostaíodh faoi Scéim 1978/79; agus gach Oifigeach Chléireachais a fostaíodh faoi Scéim 1978, ar a gcuirtear in iúl ann, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

5. Tá teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie

________________

Philip Crosby
Príomhaí

17 Feabhra 2015